Réamhrá

Féile náisiúnta is ea Rith, agus mar is dual d'fhéilte bíonn an ceol mar chuid lárnach de. Cumadh amhrán speisialta i gcomhair Rith 2010; bíonn ceol agus amhráin á chasadh nuair a bhíonn an fhéile ar siúl sa cheantar, agus sa chomórtas cumadóireachta iarrtar ar dhaoine óga amhrán nua a chumadh i gcomhair Rith 2012, amhrán a bheidh le cloisteáil á sheinm ar fud na tíre le linn na féile seans.

Tá roinnt smaointe thíos mar thúsphointe chun modúl oibre a bhunú ar Rith 2012 agus scileanna **éisteachta, litearthachta, cumadóireachta** agus **casaidh** a chur chun cinn.

Seans go n-oirfeadh an obair seo do scoláirí idirbhliana ach go háirithe, ach tá ceangal láidir idir na smaointe thíos agus gnéithe de shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta. Ba dheas go mbeadh deis ag na scoláirí uile taithí dearfach a bheith acu leis an gceol trí thionscnamh bunaithe ar Rith 2012, fiú muna bhfuil siad ag gabháil don cheol mar ábhar scrúdaithe, nó muna bhfuil an ceol mar rogha sa scoil.

Cuspóirí

- Go mbeadh eispéireas taitneamhach ceoil ag na scoláirí, agus go dtuigfeadh siad an ról a bhíonn ag ceol agus amhráin i bhféilte ar nós Rith.
- Go gcuirfeadh na scoláirí eolas ar choincheap Rith agus go spreagfaí iad chun páirt a ghlacadh ann trí mheán an cheoil
- Go bhforbródh na scoláirí scileanna éisteachta trí anailís a dhéanamh ar Amhrán Rith 2010
- Go n-aithneodh na scoláirí na huirlisí traidisiúnta agus eile atá le cloisteáil san amhrán
- Go gcuirfeadh na scoláirí na scileanna cumadóireachta agus litearthachta ceoil atá forbartha acu i bhfeidhm chun amhrán a chumadh i gcomhair Rith 2012 – *m.sh. ag baint leasa as an seanleagan ach an séis a athrú, nó séis a scríobh bunaithe ar fhocail a cumadh sa rang Gaeilge nó cumtha ag scoláire eile,*
- Go gcuirfeadh na scoláirí eolas ar phríomhcheoltóirí an amhráin agus ar an gceol a bhíonn á gcasadh agus á gcumadh acu.

Ag teastáil

- Pacáiste Rith 2012
  - Ábhar do dhaltaí > Aonad 1
  - Amhrán Rith- físeán agus traic cheoil
  - Póstaer – Cúrsa Rith 2012
  - PowerPoint – Uirlisí ceoil atá le cloisteáil san amhrán (mar rogha)
- Fearas taifeadta (má theastaíonn ón rang cur isteach ar an gcomórtas cumadóireachta)

Cur chuige: roinnt moltaí agus féidearthachtaí

Spreagadh spéise/bunchuspóir an amhráin

- Tá **Amhrán Rith 2010** ar fáil sa phacáiste mar chomhad fuaime agus mar chomhad físe. Pléigh cuspóirí an amhráin, agus na cleasa stíle a úsáideadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach: *m.sh. Curfá, chun go bhféadfadh daoine páirt a ghlacadh agus cuid den amhrán a chanadh go héasca.*

Éagsúlacht ceoil (ceol traidisiúnta, rap/caint) – chun na logainmneacha go léir a shníomh isteach. Nó bain úsáid as na ceisteanna ar **Bhileog 2** mar spreagadh don phlé.

- Pléigh na fáthanna éagsúla a chumtar ceol, an cineál éagsúla a eascraíonn astu agus na tréithe a bhaineann leis: *m.sh. chun rince, chun grá a chur in iúl, chun saighdiúirí a spreagadh chun siúil, chun glóir Dé a cheiliúradh, chun scéal nó smaointe samhlaíochta a léiriú, agus araile.*

Éisteacht

- Éist leis na huirlisí éagsúla atá le cloisteáil mar thionlacan san amhrán. Foghlaim ainmneacha na n-uirlisí trí Ghaeilge agus déan iad a rangú de réir cineál (gaothuirlisí, cnaguirlisí, téaduirlisí, feaguirlisí saorchreatacha). I gcás scoláirí sna bunranganna iar-bhunscoile, nó scoláirí nach bhfuil taithí acu ar ainmneacha na n-uirlisí trí Ghaeilge, d'fhéadfaí an taispeántas PowerPoint: Uirlisí Ceoil agus Bileog 3 a úsáid. (Freagraí an fhocalchuardaigh ar Bhileog 3 – bodhrán, bosca ceoil, cairdín pianó, cláirseach, consairtín, druma, feadóg mhór, feadóg stáin, fidil fliúit, giotár, maindilín). Tá leagan idirghníomhach ar fáil ar http://www.teachers-direct.co.uk/resources/wordsearches/preview.aspx?puzzle-number=909488.
- Éist agus déan nóta de na giotaí éagsúla ceoil atá á seinm ag na huirlisí éagsúla. Ag brath ar chumas na ndaltaí d'fhéadfaí nótaí nó ainmneacha na n-uirlisí a bhreacadh ar chóip de liricí an amhráin (**Bileog 1**) nó é a nótáil ar an gceol féin (**Amhrán Rith: An Ceol**). Nó mar dhúshlán breise, iarr ar na daltaí uirlis a roghnú agus an ceol di a scríobh.
- Éist leis an amhrán agus déan tráchtaireacht air faoi cheannteidil éagsúla ag baint úsáide as na téarmaí coitianta a úsáidtear chun cur síos ar phíosaí ceoil: *séis, (m.sh. réimse leathan/cúng; so-chanta; éasca le cuimhniú air; dénártha, trínártha, srl*); *rithim; meanma/mothú (bríomhar, gnóthach, suaimhneach, inspioráideach); tonúlacht agus tondathanna gutha agus uirlise; seinm (luas seanma, airde, treoir sheanma srl);* tagairt do *chosúlachtaí agus éagsúlachtaí le píosaí ceoil eile; freagairt phearsanta (smaointe agus samhail srl).*

Cumadóireacht

- Féach **Amhrán Rith 2010: An Scór** (PDF le híoslódáil ón bpacáiste)
- Iarr ar na scoláirí focail a chumadh a rachadh leis an rithim i mbarraí 61 – 62; agus focail eile a rachadh leis an rithim i mbarraí 63 – 64.
- Iarr orthu cén fáth nach bhfuil an ceol don chéad 4 bharra scríofa amach *(improvisation = tobchumadh.)*
- Roghnaigh liosta d'áiteanna eile – na bailte ar chúrsa Rith 2012 b'fhéidir agus scríobh rap agus rithim le cur leo.
- Cuir na scoláirí ag obair i ngrúpaí chun amhrán (i stíl ar bith – m.sh. focail nua ar fhonn traidisiúnta, rap amhrán, séis úrnua) i gcomhair Rith 2012 a chumadh.
- Má tá réimse leathan de chumais éagsúla cheoil sa rang, is féidir tascanna éagsúla a thabhairt do bhaill an ghrúpa: m.sh. *liricí a chumadh, séis a chumadh, uirlisí a roghnú, an ceol a scríobh, an t-amhrán a chanadh, uirlisí a sheinm, an léiriú a thaifeadadh, clúdach a dhearadh i gcomhair CD (CD den amhrán, mar dhea).* D'fhéadfaí úsáid a bhaint as áiseanna cumadóireachta nó breactha ICT má tá a leithéid ar fáil sa scoil.

- Cuir isteach ar an **gComórtas Cumadóireachta** – b'fhéidir go mbeidh an t-amhrán á chanadh ar fud na tíre faoi dheireadh mhí an Mhárta! Déan taifeadadh físe nó taifeadadh fuaime den ghrúpa agus seol chugainn é, i dteannta focail agus ceoil an amhráin. Tuilleadh eolais ar **www.rith.ie/comortais**.

Na Ceoltóirí

- Féach **Bileog 4**, ar a bhfuil eolas faoi thriúir de na príomhcheoltóirí a bhí páirteach san amhrán. Déan taighde ar an idirlíon agus éist le ceol eile a chasann siad acu, nó ceol atá cumtha acu. Déan comparáid idir na píosaí ceoil sin agus Amhrán Rith 2010. Cad iad na cosúlachtaí agus éagsúlachtaí eatarthu? An bhfuil téamaí nó gnéithe stíle faoi leith ag aon duine acu atá le clos in Amhrán Rith 2010?

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
http://comhaltas.ie/music/lang/ga	Suíomh Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ar a bhfuil comhaid fuaime, físeáin agus eolas faoin gceol traidisiúnta agus na huirlisí traidisiúnta.
www.cogg.ie	Téarmaí Ceoil trí Ghaeilge
	Nótaí do mhúinteoirí Ceoil
Carroll Education	Póstaer leis an gceolfhoireann agus na huirlisí ceoil.